CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Móin Otraigh: Staidéar ar logainmneacha na háite
Authors	NI Riain, Isobel
Publication date	2014
Original Citation	NI Riain, I 2014, 'Móin Otraigh: Staidéar ar logainmneacha na háite', An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht Na Ndéise, vol. 18, pp. 1-22. < https://www.academia.edu/31029938/_M%C3%B3in_Otraigh_Staid%C3%A9ar_ar_logainmneacha_na_h%C3%A1ite_in_An_Linn_Bhu%C3%AD_18_2014_77_107 >
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Link to publisher's version	https://www.academia.edu/31029938/_M%C3%B3in_Otraigh_Staid%C3%A9ar_ar_logainmneacha_na_h%C3%A1ite_in_An_Linn_Bhu%C3%AD_18_2014_77_107
Rights	© 2014, the Author.
Download date	2026-11-03 12:57:36
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/18537

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Monatrea / Móin Otraigh: staidéar ar logainmneacha na háite.

Isobel Ní Riain

San alt seo tá fúm cur síos a dhéanamh ar logainmneacha Mhóin Otraigh, Monatrea, agus na hainmneacha a mhapú. Áit saoire dúinne mar chlann Monatrea. Thosnaigh mo mháthair chríonna, Lily Nodwell, do bheith ag dul ann lena clann féin sa bhliain 1946. Ní raibh sí ar fónamh ag an am agus bhí sos faoin tuath ag teastáil uaithi dar leis an dochtúir. Thug sí aghaidh ar an stáisiún traenach i gcathair Chorcaí, ar a rothar, agus chuaigh sí féin agus an rothar go hEochaill ar an traein. Trasna léi go dtí Pointe an Chalaidh ar an mbád farrantóireachta agus ar aghaidh léi arís ar a rothar ón Ferry Point, Pointe an Chalaidh, go tigh mhuintir Chlarke. Rinne sí na socruithe ansin maidir le teach a thógaint ar cíos. Chaithinn féin mí i Monatrea gach aon samhradh agus mé óg agus bím fós ag dul ann anois agus mé fásta suas. Ach chun tús a chur leis an gnó seo: cá bhfuil Monatrea?

Is cuid de pharóiste Kinsalebeg Monatrea (Thoir, Thiar agus Láir) agus tá Kinsalebeg i mbarúnacht Decies within Drum/ Na Déise laistigh den Drom i bPort Láirge. Dar le Samuel Lewis in *A Topographical Dictionary of Ireland*:

> Kinsalebeg, a parish, in the barony of Decies-within-Drum, county of Waterford, and province of Munster, separated from the town of Youghal by the river Blackwater; containing 2780 inhabitants. The soil is fertile, and there is a ferry to Youghal: at Piltown is a large flour-mill. The principal seats are D'Loughtane House, the residence of R.Power Ronayne, Esq.; Monatrea, of the Rev. Percy Scott Smyth; Mayfield, of J. Gee, Esq.: Woodbine Hill, of G. Roch, Esq.; Springfield of Mrs. Fitzgerald; Bayview, of M. Keane, Esq.; Rock Lodge, of R. Bailey, Esq.; Harbour View, of C. Ronayne, Esq.; and Ring, of Dominick Ronayne, Esq. It is a vicarage in the diocese of Lismore, united to that of Lisgenan, and in the gift of the Duke of Devonshire, in whom the rectory is impropriate: the tithes amount to £810.1.1½ , of which two-thirds are payable to the impropriator and one-third to the vicar; and the tithes of the benefice amount to £470. The glebe of the union comprises 10a.3r.36p. The church is a neat structure, erected by a gift of £600 from the late Board of First Fruits, in 1821. In the R.C. divisions the parish forms part of the union or district of Clashmore, and has a chapel at Piltown. There is a private school, in which about 120 children are educated. Near D'Laughtane House was formerly a castle, called Ballyheny. Piltown was formerly the residence of Judge Walsh, the supposed author of the commission to the insurgents in the reign of Chas. I. There is a large rath in the parish. (Lewis, 1970 Vol. II: 234)

Tá Cionn tSáile tugtha i gcomhair Kinsalebeg sa leabhar *Liostaí Logainmneacha – Contae Phort Láirge – County Waterford* (An Brainse Logainmneacha, 1991: 2), bíodh go bhfuil Baile an Phoill le fáil le haghaidh Kinsalebeg i n*Gasaitéar na hÉireann* (An Brainse Logainmneacha, 2007: 25). Tá Cionn tSáile ag John O'Donovan chomh maith sna hAinmleabhair i gcomhair Kinsalebeg. Bainfidh mé úsáid as an ainm seo san alt seo ach cuirfidh mé "beag" idir lúibíní mar shoiléiriú ionas nach meascfar suas leis an gCionn tSáile i gContae Chorcaí é. Ceapann Liam P. Ó Murchú (UCC) go mb'fhéidir gurbh é Cionn Sáil (as an bhfocal Sál) a thug ann don ainm Kinsale.

Tá Decies-within-Drum suite sa cheantar go nglaotar Na Déise air. Dar le hArt Mac Gréagóir sa saothar *Stair na nDéise*, ní fios go díreach conas a tháinig ann dona Déise i bPort Láirge ar dtús ach dar le cuntais áirithe ba dhream iad " a tháinig ón Midhe a chuir Déise Mumhan ar bun agus go bhfuaireadar ceannas ar pé dream daoine a bhí ar an dúthaigh seo rompu." (Mac Gréagóir, 1938: 20) Daoine ab ea iad a bhí neamhspleách ar ríthe eile sa tír:

> Ba Cheiltigh iad uaisle na nDéise (na ríghte agus na taoisigh móra) acht ní raibh aon ghaol fola aca leis na righte a bhí i dTeamhair ná leis na righte a chuir fútha i gCaiseal.
> D'fhan Déise Mumhan i n-a stát neamh-spleádhach ar feadh i bhfad gan aon chur-isteach ag Ríghte na Mumhan ná ag Árd-ríghte na hÉireann air. (Ibid 21)

Maidir le brí an fhocail sin "Déise" – dar le Mac Gréagóir:

> B'é an bhrígh a bhí le "Déis" (uimhir uathaidh do Dhéisi) i sna sean-leabhra dlighe ná dream daoine a mbíodh taoiseach 'na riaghaltóir agus 'na tighearna talmhan orra. Ainm choitcheann ba eadh Déis nó Déise, acht le himtheacht aimsire deineadh ainm dhílis di. (Ibid 22)

Dar le Rev. P. Power sa leabhar *The Place-Names of Decies*, Móin Otraigh a tugadh ar an áit seo as Gaeilge:

> "Dung bog(?)". O' Donovan makes it "Otter's Bog." Area (in three divisions), 661 acres.
> "Monetray" (Distr. Bk.). "Monothirie" (Inq. Jas. I.). (Power, 1907: 90)

Tá Móin Otraigh tamall beag lasmuigh de Eochaill. Is bailte fearainn iad Monatrea West, Monatrea Middle agus Monatrea East. Táid suite i bparóiste Kinsalebeg, Baile an Phoill (Mac Aodha, 1986: 65) nó Cionn tSáile Beag mar atá in *Eolaí an Phoist* (1969). Dar le Patrick Power is é Baile an Phoill an t-ainm ar Pilltown:

> Pilltown, Baile An Phoill – "Homestead of the River Inlet."…
> "Pilltowne" (Inq. Jas. I.) (Power, 1907: 92)

Tá Prospect Hall (bf.) agus Caladh an Phointe (S.D.) suite san pharóiste sin chomh maith. Ach tá an t-ainm Monatrea forleathan ins an áit anois, is corrdhuine a luann na bailte fearainn éagsúla sa lá atá inniu ann. Ní luann Charles Smith Monatrea ach luann sé Kinsalebeg, Prospect Hall agus The Ferry Point in *The Ancient and the Present State of the County and City of Waterford* (ca. 1750):

> From *Ardmore* one begins to descend the hills into the parish of *Kinsalebeg*, which consists of better land than the other; the church stands almost opposite the town of *Youghal*, and though not long since roofed, is going (for want of repair) into decay. In this parish, situated near the *Blackwater*, is *Loughtane*, a pleasant seat of Mr. Ronayne, with good improvements, near which stands an antient castle called *Ballyheny*, by whom erected I could not learn.
> *Pilltown*, not long since the estate of the *Walshes*, is another place of some note, where lived Judge *Walsh*, the supposed author of the forged commission

> in favour of the *Irish* rebels in K. *Charles* Ist's time…Near the Ferry point of *Youghal* is *Prospect-hall*, a handsome seat, with good improvements, of *Stephen Bernard* Esq... (Smith, 1969: 73-74)

Ní raibh aon taithí ag mo mháthair agus ag a deirfiúracha agus a deartháireacha ar an tuath. Bhain siad leis an gcathair amach is amach. Mar sin féin chuir siad eolas an-bheacht ar shaol na tuaithe i Monatrea agus lean siad orthu ag dul go dtí an áit seo ar feadh a saoil. Is i dtigh Mhuintir Chlarke cóngarach do Chalisso Bay a chuir siad fúthu i Monatrea. Dar le Rev. P. Power b'é an t-ainm Gaelach ar an áit seo ná Inse Uí Fhlathairtigh – "O'Flaherty's Island" (Power, 1907: 91). Ach caithfidh mé a adhmháil nár chuala mé riamh an t-ainm sin á ghlaoch ar an áit cé go bhfuil comhartha nua curtha suas ag an mBardas anois agus Inis Uí Fhlaithbheartaigh atá air.

Luann Nóirín Lucey (Lucey, 1991: 9) an iarmhír –lisso mar sheanainm Sasanach. Níl a fhios agam an é seo atá ann san fhocal "Calisso Bay". Áit álainn atá ann go bhfuil cladach mór fiáin ann. Bhí sé ina pharthas ag na Nodwells. Chuir siad aithne ar na daoine go léir san áit máguaird agus thug muintir na háite gach cabhair dóibh maidir le bia agus bainne agus uisce a sholáthar. Tuigeadh dóibh siúd gur daoine bochta ab ea na Nodwells chomh maith bíodh gurbh as Cathair Chorcaí dóibh.

Má bhí turas go hEochaill ag teastáil uathu bhí orthu siúl go dtí The Ferry Point, Pointe an Chalaidh (Patrick Power, 1907,: 92), agus an bád farrantóireachta (Hackett, 2005) a thógaint go hEochaill. Corr uair d'fhaighidís marcaíocht i gcart chomh fada le The Ferry Point ach is minic a bhí ar na páistí siúl. Bhí dhá phingin ar an mbád agus b'é Mos Geary fear an bháid an uair sin. Má theastaigh uait dul aon áit i Monatrea bhí ort dul de shiúl na gcos. Bhí mótar ag cúpla duine ach bhíodh an formhór ag siúl. Is sna daicheadaí déanacha a chéadchuaigh na Nodwells go Monatrea. Rud eile a bhí le fáil in The Ferry Point ná The Hotel, is é sin óstán Monatrea nó Monatrea House. Clochar ab ea an áit seo tráth ach ansin do cheannaigh muintir Roch-Perks é agus deineadh óstán álainn as. Is ann a théadh m'athair críonna agus a chairde ag ól san oíche.

Duine amháin a bhí an-tábhachtach i saol mo mháthar agus a bhí ina chara againn go léir amach go deireadh a shaoil ab ea Peaits Moylan, iascaire ab ea é agus bhí tighín bán le "half-door" nó leathdhoras aige. Bhí cónaí air siúd i Woodbine Hill (Mortgage an baile fearainn le ceart ach glaotar Woodbine Hill ar an mbóthar sin suas go dtí an casadh i dtreo an Ghóilín). B'fhuirist a thuiscint cad ba chúis leis an ainm sin mar bhí féithleann ag fás ar thaobh an bhóthair ann agus is dócha go raibh riamh. Fuair sé an tigh seo tar éis a shaol a chaitheamh i ngiorracht cúpla slat do Calisso Bay. Bhí tigh breá ansan aige ach b'aonaránach an spota é go mórmhór nuair a d'imigh muirear an tí ar imirce agus nuair a cailleadh cuid eile dóibh.

Bhí an séipéal i bPilltown, "Baile an Phoill… Pilltowne (Inq. Jas. 1.)". (Power, 1907: 92). Siúlóid fhada ab ea é sin ó thigh mhuintir Chlarke. Ach rinne siad é. Ní raibh aon rogha acu. Is deireadh Normannach –town dar le T. Jones Hughes san alt "Town and Baile in Irish Place-Names" (Jones Hughes, 1970:250). Tá sé le fáil i Monatrea san ainm Newtown, baile fearainn cóngarach do Phointe an Chalaidh, agus arís san ainm thuasluaite Pilltown, baile fearainn cóngarach do Newtown. (Tá an dá ainm seo mar aon le Prospect Hall luaite ag Nóirín Lucey sa tráchtas aici ar logainmneacha sa Bharúntacht Decies-within-Drum (Lucey, 1991: 31-32)). Tá Newtown House ann dála Courtstown House san Oileán Beag, Co. Chorcaí. Tá Newtown House ann i gcónaí. Tigh breá mór is ea é. Agus tá "pill" sa chiall log beag uisce san áit go bhfuil Pilltown mar ainm. Suimiúil go leor tá baile beag tógtha san áit

seo le roinnt blianta anuas agus Woodbine Way an t-ainm nuabhronnta ar an eastát seo. S*hift name* é seo b'fhéidir mar is Woodbine Hill an t-ainm atá ar an dtigh mór (tigh mhuintir Roch-Perks) sa bhaile fearainn Prospect Hall.

Ainm seansasanach nó "old English" a chríochnaíonn ar –hall dar le Jones Hughes (Ibid 246). Tá ainm bhaile fearainn amháin a chríochnaíonn ar –hall i Monatrea: Prospect Hall. Sin an áit go bhfuil tighín againn féin anois.

> Prospect Hall; fancy name of the usual meaningless character with no Irish name to correspond. Area, 358 acres. (Power 1907, 92)

Is léir nach bhfuil brí ar bith ag aon ainm nach bhfuil ainm Gaelach ag baint leis dar le Rev. P. Power.

Bhí baint ag m'athair críonna le Monatrea i bhfad sular phós sé. Chaith sé tréimhse ag obair do mhuintir Hyde sa Ferry Point mar chaibinéadaire agus é óg. Tá grianghraf againn de ina sheasamh in aice le capall san áit. Is ait liom anois go bhfuilimid fós ag dul go dtí an áit seo na blianta fada i ndiaidh an lae sin gur tógadh an grianghraf. Is iomaí grianghraf atá againn anois de leanbhaíocht mo mháthar a tógadh agus iad ag cur fúthu i dtigh mhuintir Chlarke. Na páistí agus an t-athair (Frank Nodwell) suite le chéile ach de ghnáth bíonn páiste amháin ar iarraidh agus an mháthair i mbun grianghrafadóireachta. Féachann tigh mhuintir Chlarke i bhfad níos sine sa ghrianghraf seo ná mar a fhéachann sé anois. Tá claochló tagtha air ó shin agus seomraí nua curtha leis agus staighre curtha isteach ann. Tá beirt uncailí dom (beirt de dheartháireacha mo mháthar) básaithe ó shin. Ach maireann an tigh i gcónaí agus maireann an áit féin. Fiú nuair a bhí mo mháthair agus an chlann go léir fásta suas bhídís fós ag dul ar saoire go Monatrea. Tá grianghraf eile ann díobh agus iad ina bhfearaibh agus ina mnáibh. Ansin a fheictear daoine eile sna grianghrafanna – céile agus cairde. Sea, bhí an saol ag athrú. Ach fós bhí Monatrea mar an gcéanna. Cuireann grianghrafanna áirithe in úil go raibh an t-uisce fós ar iarraidh i dtigh mhuintir Chlarke. Théadh siad in éineacht leis an asal agus leis an gcart go dtí an caidéal chun bairille a líonadh le huisce. Is fuirist an bóthar féin agus na claíocha a aithint. Tá an tírdhreach mar an gcéanna. Is rud brónach é a bheith ag féachaint ar na pictiúirí seo anois.

Monastry

Tháinig mé trasna ar liosta de na seanbhailte fearainn a bhain le Kinsalebeg – Cionn tSáile (Beag) - in *A Census of Ireland – circa 1659* (Pender, 2002: 333). Seo hiad na bailte fearainn a luadh le "Kinsalebegg": Pilltowne, Kinsalebegg, Glenstonane, Dlaghtome, Killmaloe, Lachindery, Ballyhenny, Killgrabell, Monastry, Killmedy, Dromgallan. Thug mé faoi deara nach raibh aon trácht ar Monatrea ná Prospect Hall. Bhí, ámh, tagairt do "Monastry" agus rith sé liom gur chuala mé uair amháin go raibh mainistir i bProspecthall san áit go bhfuil teach mhuintir O'Halloran anois agus gur bhain an séipéal atá anois ina fhothrach trasna an bhóthair ón áit a bhfuil an tighín againn féin leis. Tuigeadh dom go mb'fhéidir gur "Monastry" a bhí le tuiscint as an bhfocal Monatrea agus nach é Móin Otraigh atá ann in aon chor. Dar le Joyce is é "the bog of the strand" atá ann (Joyce, 1873:445). Móin na Trá a bheadh ann mar sin agus ní Móin Otraigh.

Sa *Book of Survey and Distribution* (1666-1703) is Montory atá ann agus luaitear an áit le Thomas Walsh, tá Pilltowne agus Newtowne luaite le Kinsalebeg – Kinsalebegg.

Ní hionann litriú na logainmneacha anseo agus sa *Census* thuas, Glistenans atá sa *Book of Survey and Distribution* fad is atá Glenstonane sa *Census*. Tá Monastry athraithe go Montory mar an gcéanna. Dar leis an *Book of Survey and Distribution* bhí "gleab" i Montory. Déanfaidh mé trácht ar an seantóir seo níos déanaí sa chaibidil seo ach is léir go mbaineann sé leis an séipéal i bProspecthall nach bhfuil ach fothrach fágtha de anois.

Tá cuntas ag Patrick Power in *Journal of the Waterford and South East of Ireland Archaeological Society* ar sheaneaglais in Kinsalebeg, a luaigh Charles Smith thuas. Is é seo an fothrach de shéipéal atá trasna an bhóthair uainn féin i bProspecthall:

> The position of this church was parallel with the position of the present small Protestant church, and as usual – on the south side of the latter. Hardly any remains of the ancient church are now traceable. The graveyard is rather extensive and much used.…The 1588 Visitation (j) returns Nicholas O'Cullen (O'Cullye), a layman, as in possession, by proxy, of the vicarage of Kynsalle. (Power, 1898: 200-201)

Is léir go raibh meath mór tagtha ar an séipéal ó thug Smith cuairt ar an áit.
Is suimiúil go bhfuil seaneaglais den sórt seo san Oileán Beag, m'áit dúchais féin, chomh maith, is é sin Cellescoplappan. Ní luann Power ná Smith aon ainm leis an eaglais i bProspecthall agus níl aon ainm seachas The Ferrypoint Church i mbéal an phobail anois. Tá tobar cóngarach go leor don áit seo (i bPilltown) go bhfuil an t-ainm St. Bartholemew air ("St. Bartholemew's Well"). Níl a fhios agam an raibh aon bhaint ag an naomh sin leis an eaglais seo, b'fhéidir é. Dar le Patrick Power is é an naomh seo éarlamh pharóiste Cheann tSáile Beag (Power, 1912: 72). Tá tuilleadh eolais faoin séipéal ag Pointe an Chalaidh ag Power sa chuntas sin *Parochial History of Waterford and Lismore*:

> Up to the year 1825, or thereabout, there appears to have been only a single church for the whole parish. This stood at a place still named "Old Chapel Cross Roads," where a small piece of wall said to be the remains of it is still pointed out. In the year named Rev. Michael O'Donnell, P.P., erected the present church of Piltown or Kinsalebeg and in the following year, the present church of Clashmore. (ibid)

Ní ghlaotar "Old Chapel Cross Roads" ar an gcrosaire seo anois agus ní fíorchrosaire é níos mó. Ach tharlódh go raibh an bóthar ag dul thar an séipéal fadó (ní mór do dhuine dul isteach i bpáirc chun an séipéal Protastúnach a shroichint anois) agus go raibh crosaire ceart ann an uair úd. Níl aon mheas ag Power ar an séipéal Protastúnach mar fhoirgneamh is léir:

> Scarcely any remains of the pre-Reformation churches of Kinsalebeg and Clashmore survive and the sites of both are occupied by ugly modern Protestant conventicles. (Ibid 73)

Má fhéachaimid ar *The Civil Survey AD 1654-1656*, (County of Waterford Vol. VI), a chuir Robert C. Simington i gcló feicfimid nach bhfuil aon trácht ar Phrospecthall in aon chor ann ach go bhfuil "3 plowlands" ag baint le Monetory ("Shrubby"). Is é "Sir Nicholas Welsh of Ballykeroge, Kt. Ir. Papist, deceased" (Simington, 1942: 29-31) a luaitear leis an bparóiste ar fad nach mór.

Seo mar a deirtear sa suirbhé faoin bparóiste:

The Parish of Kinsalebegg

> The sd pish meareth and bounded on the south from Whitingbay alonge the seaside to the harbour mouth of Yeoghill on the west with the blackwater side by the landes of Sanacoole and Garranaspucke on the north by the landes of Rushins and Clasmore and Ballynemultinagh on the east with the landes of Bally Curran, Grange, Grelagh and the bogg of Curraghmore. The sd pish containes in the whole 11 plowlands distinguished as followeth…(Ibid 29)

Maidir le Monetory féin deirtear:

> The above landes are meared on the east with the landes of Grange; on the west with the Blackwater on the north with the landes of Newtowne, Pilltowne and Rath; and on the south with the sea. Which land is in the possession of the Earle of Corke by vertue of an old mortgadge and lease as is alleadged whereon stands one tiled house, with several cabbins. (Ibid)

Seo hiad na bailte fearainn eile a bhaineann le "Kinsalebegg" agus roinnt eolais a thugtar dúinn in *The Civil Survey* fúthu (Ibid 30-31):

Newtowne	– halfe a pld. (plowland)	– Bogg
Pilltowne	- halfe a pld.	- Shrubby
Rath	- one plowland	- Shrubby
Glistenan	- halfe a pld.	– Shrubby
Kilmeedy	- one plowland	- Shrubby
Dromgallane	– one pld	- Bogg
Knockebracke	– halfe a pld.	– Bogg
Lackendarry	- one oxland	- Rocky
Killmallo	- one pld.	- Rocky
Dloughton	- halfe a pld.	- Shrubby
Kilgabriell	- one plowland	- Redbogg
Ballyheeny	– halfe a plowland	- Shrubby

[Is é "Gerrott fzt Gerrald of Dromanny Esq Irish ptestant deceased" a luaitear le Ballyheeny; "Sr Nicholas Welsh" a luaitear leis na bailte fearainn eile]

Tá an fhoirm Ghaeilge ar na hainmneacha sin le fáil sa leabhar *Liostaí Logainmneacha – Contae Phort Láirge – County Waterford*:

Newtowne	An Baile Nua	(Brainse Logainmneacha, 1991: 88)
Pilltowne	Baile an Phoill	(Ibid 89)
Rath	An Ráth	(Ibid)
Glistenan	Glais tSeanáin	(Ibid 75)

Kilmeedy	Cill Míde Thoir / Thiar (Ibid 79)
Dromgallane	Drom Galláin Thoir / Thiar (Ibid 71)
Knockebracke	An Cnoc Breac (Ibid 81)
Lackendarry	An Leacain Daraigh (Ibid 83)
Killmallo	Cill Molua Thoir / Thiar (Ibid 78-79)
Dloughton	Dlochtán (Ibid 71)
Kilgabriell	Cill Ghiriam (Ibid 77)
Ballyheeny	Baile Uí Shuibhne (Ibid 57)

Is fuirist a fheiscint ón gcur síos thuas ar an saghas talún a bhí i gceist cén fáth gur samhlaíodh móin le Monatrea – Móin Otraigh. Sa chur síos a dhéantar ar Rath sa shuirbhé thuas deirtear:

> The above land is meared on the south with the bogg of Monetory… (Ibid 30)

B'fhéidir go gcaithfidh mé glacadh leis an míniúchán sin – portach – mar léiriú ar cad tá i gceist leis an ainm Monatrea, cé go bhfuil suim agam féin sa tuairim go raibh mainistreach san áit tráth agus gur as sin a tháinig Monastry chugainn mar ainm. Is deacair an tuairim sin a fhorbairt de cheal fianaise.

Maidir leis an Down Survey dealraíonn sé nach ndearnadh aon suirbhé ar Decies-within-Drum / Na Déise laistigh den Drom:

> The Down Survey of Co. Waterford includes only the baronies of Gaultier, Middlethird, Upperthird and Glenahiery; the remainder of the county, being mainly unforfeited land, was not surveyed. (*Decies*, 1991: 23)

Tá, ámh, cóip de sheanmhapa de chuid Francis Cooper (a dhearaigh mapaí an Down Survey le haghaidh Phort Láirge) feicthe agam ina bhfuil sceitse den pharóiste Kinsalebeg / Cionn tSáile (Beag). Theip orm teacht ar mhapa ar bith a bhain leis an áit sa Leabharlann Náisiúnta.

Na hAinmleabhair agus Móin Otraigh

Tá Monatra East, Monatra West agus Monatra Middle le fáil sna hainmleabhair. Móin Oturu atá mar Ghaeilge ar an ainm agus "Otters bog" tugtha mar Bhéarla air seo.

Received Name	**Orthography**	**Authority**
Monatra East	Monatra East	Bdy Surveyors Sketch Map
Townland	Monatra	Co/ Treasurer Schedule
Monetory Distribution books	Monatra East	Mr. Mortimer Lee..y [etc.] to local valuation
Monotyra Valency's Map	Monatra East	John Power Esq. High Constable
Monthirie – Inq	Monatra	Tithe Applotment Book
temp Jac. I	Monatrea	Crofton Uniacke Esqr.
Monatragh Inq Temp	Moanatra	Dennis Sullivan farmer
Monatragh Jac. I	Moanatra	Jas. Fitzgerald Cess Collector

Monatragh C. Map

Situations
Barony of Decies within Drum
Situated in SE side of
the Parish, The Road from
Whiting Bay to Youghal runs
along the north side distant
from Youghal 2 miles.

Descriptive Remarks
Area
Proprietor the Revd. Percy Scott Smyth of Monatra,
Agent John Sluddy Esqr. Friar's Street Youghal
rent £1.10.s p. acre Irish – County Cess 1/5 p. acre
Irish half yearly – surface undulating – all under
cultivation, produce – wheat and barley, oats and
barley and 30 bar. of potatoes p. acre Irish. Market and
Post town Youghal, distant 4 miles. This bounded on the
South by the very rugged and tall headland, with very singularly
formed carving in the rocks formed by the heavy
swell of the Atlantic Ocean from which there is a very
magnificent view.

Dar leis na hainmleabhair b'é an duine céanna Revd. Percy Scott Smyth a bhí mar thiarna talún i Monatra Middle agus i Monatra West. Maidir le Prospect Hall, is é Prospect Hall an "received name" agus níl aon Ghaeilge tugtha ag John O'Donovan don ainm seo:

Orthography	**Authority**
Prospect Hall	Bdy Surveyors Sketch Map
Prospect Hall	Co/ Treasurer schedule
Prospect-Hall	Co. Map
Prospect Hall	Mr. Mortimer Lee..y of local Valuation
Prospect Hall	John Power Esq. High Constable
Prospect Hall	Crofton Uniacke Esqr
Do Do	Tithe Applotment Book
Do Do	Jas Fitzgerald Cess Collector
Prospect Hall	Revd. P.S. Smyth

Situations
Barony of Decies within Drum
situated in South Side of the
Parish. The Road from Ardmore
to Youghal runs through it
Distant from Youghal 1 mile.

Descriptive Remarks
Area
Proprietor the Revd. Percy S. Smyth
of Monatra. Agent John Sluddy Esq.,
Friar's Street, Youghal,
Market and Post town Youghal, distant 1 mile
Produce – only 10 bar. Wheat, 5½ bar. potatoes,
30 bar. ff [?] acre Irish. An excellent 3 story high slated
The residence of J. Roche Esq. With a Demesne of
41 acres, tastefully laid out with good offices and
garden. The House is a square of modern construction,
There is also another fine building in this townland
Which was formerly occupied by J. Gee Esq. But is now
uninhabited and out of repair, it is situated in NW side of the townland.

An Ghaeilge agus Móin Otraigh

Tá dhá thagairt ag John Walsh de Mhóin Otraigh sa leabhar *Díchoimisiúnú Teanga* (Walsh, 2002: 47, 87):

> Pilltown: (1) Irish speaking areas: Shanacoole, Montrea East and West, Ballysally…
> An tAthair T.A. Mockler, sagart paróiste, An Chlais Mhór, Eochaill, Co. Chorcaí, 25.05.1925 (Ibid 47)

> 'To show the importance of having Irish-speaking Gárdaí in the Ghaedhealtacht, let me mention an incident that occurred recently near Ardmore. A guard was sent out to summon jurors to an inquest to be held on a Welsh sailor who was drowned off his ship near Youghal. He went into a house in Moonatrea. The fear-a'-tighe spoke Irish only and the Guard spoke English only. The result was he was unable to do business in that house.'
> An tAthair James Walsh, Lios Mór, Co. Phort Láirge, 09.09.1925 (Ibid 87)

Is léir ó sheanainmneacha na bpáirceanna i bProspecthall a thug Johnny Veale do Mary Roch-Perks (a thug domsa iad) go raibh an Ghaeilge go láidir san áit ag tosach na haoise seo caite. Tá Johnny Veale marbh anois chomh maith. Is cuimhin liom é. Bhí siopa aige cóngarach do theach Pheaits Moylan. Is ann a cheannaímis milseáin agus sinn ar saoire i Móin Otraigh. Ach murach gur thug sé uaidh na hainmneacha sin do Mary Roch-Perks (úinéir na feirme sin) bheidís sin imithe as an saol leis mar a d'imigh seanainmneacha Gaelacha na bpáirceanna san Oileán Beag agus dála logainmneacha ar fud na tíre go léir lasmuigh den Ghaeltacht.

Bhain Móin Otraigh leis an nGaeltacht ag tosach na haoise seo caite. Déanann Áine Uí Fhoghlú an pointe seo a leanas ag trácht di ar an Rinn, i bPort Láirge:

> Ag féachaint dúinn ar léarscáil Choimisiún na Talún 1911 tugaimid fé ndeara gur shín Gaeltacht na nDéise an t-am san ó Cheann Heilbhic siar thar Eochaill chomh fada le Baile an Teampaill in Oirthear Chontae Chorcaí, ó

> thuaidh thar Cheapach Choinn go Cathair Dhún Iascaigh agus as san siar go Gleann Eatharlaí i gContae Thiobraid Árann agus soir go Baile na Coille in Oirthear Phortláirge. Abhar spéise dhúinn go léiríonn figiúirí na bliana san gur dh'áiríodh go raibh 100% de dhaonra Airde Móire ag labhairt na Gaelainne nuair a bhí 93% sa Rinn agus 84% sa Seana-Phobal. Níl fiú an cainteoir dúchais amháin fágtha anois san Aird Mhór. (Uí Fhoghlú, 2000: 624)

Feicfimid ar ball gur tógadh roinnt tithe laistigh de scéim Gaeltachta i Móin Otraigh sna triochaidí. Níl aon Ghaeilge á labhairt i Móin Otraigh anois.

Páirceanna i Móin Otraigh

Anseo tá ainmneacha na bpáirceanna a bhaineann le feirm George agus Mary Roch-Perks, Woodbine Hill, Prospecthall (tá an mapa bunaithe ar na mapaí SO 37 agus 40). Tá cuid desna páirceanna déanta i bhfad níos mó ná mar a bhíodar agus ainmneacha nua ceaptha dóibh dá réir. Tharla go raibh liosta na n-ainmneacha a ghabh leis na seanpháirceanna ag Mary Roch-Perks a bhí scríofa amach ag Johnny Veale di na blianta ó shin. Bhí Gaeilge mhaith ag Johnny Veale.

A. Big Field (Mary Roch-Perks)
   1. Cois Tinne [Cois Toinne?] (Johnny Veale)
   2. Pairc Rostaigh (Johnny Veale)
   3. An Baile Nua (Johnny Veale)

   Is léir ón mapa go bhfuil cuid de na páirceanna a dhéanann suas "Big Field" suite i mbaile fearainn Newtown. Tá Cois Tinne sa bhaile fearainn sin mar shampla.

B. Orchard (Mary Roch-Perks)
   12. Orchard (Johnny Veale)

C. First May Field (Mary Roch-Perks)
   4. Pairc an Uisce (Johnny Veale)

D. Second May Field (Mary Roch-Perks)
   5. Pairc Caol (Johnny Veale)

E. 10 Acres Field (Mary Roch-Perks)
   6. Móin Úi (Johnny Veale)

F. Second Church Field (Mary Roch-Perks)
   7. Pairc a Fan (Johnny Veale)

G. Church Field (Mary Roch-Perks)
   8. Pairc a Tempiell [Páirc an Teampaill] (Johnny Veale)

H. Keanes House Field (Mary Roch-Perks)
   9. Pairc an Tí (Johnny Veale)
   10. Pairc a Muc (Johnny Veale)

I. "Cover"[?] Field (Mary Roch-Perks)

11. Pairc a Bhainaigh (Johnny Veale)

J. Far Keanes Hill Field (Mary Roch-Perks)

K. Near Keanes Hill Field (Mary Roch-Perks)

L. Lower Lawn (Mary Roch-Perks)

M. Upper Lawn (Mary Roch-Perks)

N. Gan ainm
O. Gan ainm
P. Gan ainm

Q. Garden (Mary Roch-Perks)

R. Unit Field (Mary Roch-Perks)

13. Pairc a Ghearailt (Johnny Veale) = Páirc (mh)ic Gearailt
Tá an pháirc seo suite i mbaile fearainn Springfield Lower (Móin Chille Có Íochtarach) agus dar le *General Valuation of Rateable Property in Ireland (1852)* ag Richard Griffith, ba dhuine de na "immediate lessors" sa cheantar seo fear darbh ainm Richard Fitzgerald. Bhí 36A. 2R. 36P. aige. (ARP – acres roods perches)

S. Ram Field (Mary Roch-Perks)
Dar leis an mapa SO 6" tá "hydraulic ram" sa pháirc seo. Tá an pháirc seo suite i mbaile fearainn Springfield Lower.

14. The Site (Isobel Ní Riain)
Is linn féin an pháirc seo anois. Cheannaíomar ó George Roch-Perks agus Mary Roch-Perks í. Bhain sé le 'Pairc a Tempiell' tráth. Tá an fothrach den séipéal Protastúnach taobh thiar de.

Baineann na hainmneacha seo a leanas le feirm mhuintir O'Halloran ag Pointe an Chalaidh (Ferry Point).

15. The Lawn (Billy O'Halloran)
16. The Stile (Billy O'Halloran)
17. The Hill (Billy O'Halloran)
18a The Small Paddock (Billy O'Halloran)
18b The Big Paddock (Billy O'Halloran)
19. The Field at Keanes (Billy O'Halloran)
20. The Field at Tommy Roches (Billy O'Halloran)
21. The Orchard (Billy O'Halloran)
22. Winders (Billy O'Halloran)
23. The Hill at Keanes (Billy O'Halloran)
24. The Quarry (Billy O'Halloran)
25. The Ferry Point (Isobel Ní Riain)
Seo Pointe an Chalaidh agus níl ach aon teach amháin amuigh ann.

Is anseo a bhíonn na báid ar ancaire ag na hiascairí agus ag lucht siamsaíochta.

Dhá fheirm eile a bhí tábhachtach i saol mo mháthar agus i mo shaol féin chomh maith ná feirm mhuintir Chlarke agus feirm mhuintir Chonnolly. Bhí dhá theach ag Deagy Clarke agus a bhean agus ligidís ceann acu amach ar cíos don samhradh. Is ann a d'fhanadh mo mháthair chríonna agus a clann go léir ar feadh coicíse gach samhradh. D'fhanaimís féin ann chomh maith agus mé óg. (Dúirt Declan Clarke liom gur tógadh na tithe seo faoi scéim Gaeltachta sna tríochaidí. Bhí Móin Otraigh suite laistigh de limistéir na Gaeltachta ag an am ach chúlaigh an limistéir sin ina dhiaidh sin de réir dealraimh agus fágadh Móin Otraigh lasmuigh den Ghaeltacht rud a fhágann, b'fhéidir, nach bhfuil focal Gaeilge le clos san áit anois.) Tá an chuid is mó den dá fheirm sin (feirm mhuintir Chlarke agus feirm mhuintir Chonnolly) i Móin Otraigh Thoir ach tá cúpla páirc a bhaineann leo i Móin Otraigh Láir (tá an mapa bunaithe ar an mapa SO 40). Seo na páirceanna a bhaineann le muintir Chlarke:

1. Bán Garbh (Declan Clarke)
2. Píosa Fada (Declan Clarke)
3. Mahony's Garden (Declan Clarke)
   Bhíodh prátaí ag fás anseo ag duine darbh ainm Mahony fadó (Declan Clarke)
4. The Little Field (Declan Clarke)
5. Páirc an tí (Declan Clarke)
6. House Field (Declan Clarke)
   Bhí dhá theach ann mar a dúirt mé thuas mar sin tá dhá pháirc leis an ainm seo
7. Haggard Field (Declan Clarke)
8. Turnip Field (Declan Clarke)

9-10. Sean-ghort (Declan Clarke)

11-12. Páirc Chaols (Declan Clarke)

13. Páirc Chaol South (Declan Clarke)

14-17. The Fields Over Here (Declan Clarke)

Tá feirm mhuintir Chonnolly trasna an bhóthair ó fheirm mhuintir Chlarke. Tá an duine deireanach den chlann sin (Tommy Connolly) éirithe as an bhfeirmeoireacht anois agus is é a nia (Bobby Connery) a thug an t-eolas seo dom:

18-19. Móinteáins (Bobby Connery)
   Turf field - dar le Bobby Connery tá poll sa pháirc seo ina dtiteann an talamh sé throigh ó ghnáthleibhéal na talún sa chuid eile den pháirc. Cé nach cuimhin le Tommy Connolly (89 bliain d'aois) aon mhóin a bheith riamh sa pháirc seo, ceapann Bobby Connery go mb'fhéidir gurbh as an bpoll seo a tógadh an mhóin fadó. Tá an saghas cré a fhaightear i bportach le fáil timpeall ar an spota seo. (Bobby Connery)

20. Páirc Chaol (Bobby Connery)

21-22. Fieldíns (Bobby Connery)

23. House Field (Bobby Connery)

24-25 Leacas (Bobby Connery)
   They are hill (Bobby Connery)

26. Small Ínse /əin'si/ (Bobby Connery)

27. Big Ínse /əin'si/ (Bobby Connery)
28. Long Mash (Bobby Connery)
Dúirt Bobby Connery liom gurbh é a bhí i gceist le "mash" ná bruach toisc go raibh sé in aice leis an trá sa chás seo agus go mbíodh an taoide ag dul isteach ann i gcaitheamh an gheimhridh
29. Small Mash (Bobby Connery)
30. Cúilín (Bobby Connery)
Páirc go bhfuil trí chúinne aici a bhíonn i gceist le "cúilín" dar le Bobby Connery
31. Garraí Cruaidh /kruəg'/ (Bobby Connery)
A tough field (Bobby Connery)
32 Páirc Ard (Bobby Connery)
33. Cúilín (Bobby Connery)
34. Seanphort (Bobby Connery)
35. Ínsín Iarthair (Ínsín Fhlaithearta) (Bobby Connery)
Inis Uí Fhlaithbeartaigh an Ghaeilge atá ar Calisso Bay, is é sin an trá atá in aice leis an bhfeirm seo
36. Tráigín (Bobby Connery)
Baineann an pháirc seo leis an dá fheirm (Connolly agus Clarke) ach b'fhéidir gur dhíol dream amháin leis an dream eile é tráth
37-38 Páirc Loins (Bobby Connery)
B'fhéidir gur Páirc Lyons nó Páirc (Uí) Fhloinn atá anseo go bunúsach
39-45 Leahy's (Bobby Connery)
Ba le muinitr Leahy na páirceanna seo tráth

Thug Bobby Connery dhá ainm eile a bhain le feirm mhuintir Harty:

46. Martin's Field (Bobby Connery)
47. The Rookery (Bobby Connery)

Tá iliomad páirceanna ag Danny Leahy i Móin Otraigh Thiar agus i Móin Otraigh Láir (tá an mapa bunaithe ar an mapa SO 40). Ina measc tá roinnt ainmneacha as Gaeilge:

1. Páirc na gColúr (Danny Leahy)
Pigeons was the meaning of "colúr" (Danny Leahy)
2. The Square Field (Danny Leahy)
Because it was square (Danny Leahy)
3. Rónán (Danny Leahy)
Ronan – I suppose. There were lots of Ronans around once, they're scarce now (Danny Leahy)
4. Murphy's Field (Danny Leahy)
In front of Murphy's house but it's our field (Danny Leahy)
5. The Big Field (Danny Leahy)
6. The Dung Field (Danny Leahy)
Dung used to be spread there probably (Danny Leahy)
7. Roche's Field (Danny Leahy)
This was our field (Danny Leahy)
8. Roche's (Danny Leahy)

This field belonged to the Roche's (Danny Leahy)

9. Páirc French (Danny Leahy)
   People called French lived there one time and up in Pilltown (Danny Leahy)
10. The Cross Field (Danny Leahy)
    Near the Cross (Danny Leahy)
11. The Lighthouse Field (Danny Leahy
    Opposite the lighthouse in Youghal (Danny Leahy)
12. The Island Field (Danny Leahy)
    This is across from Capel Island. It belonged to the Murphys long go but it's our field now (Danny Leahy)
13. Páirc na Coille (Danny Leahy)
    This is near a wood (Danny Leahy)
14. Druiséalach (níl sé cinnte faoin litriú) (Danny Leahy)
    Dar le foclóir Dinneen – "thorn / bramble" is brí le "driseog", "drisleach" agus "drisleog". B'fhéidir, mar sin, go raibh a leithéid sa pháirc seo (Dinneen, 1979: 366) Ceapann Liam P. Ó Murchú go mb'fhéidir gurb é an t-ainm Ruiséal is bun leis an logainm seo, is é sin le rá: Ruiséalach
15. The Pound (Danny Leahy)
    This was probably for holding animals (Danny Leahy)
16. Páirc a' Déirí (Danny Leahy)
    This was to do with cows probably (Danny Leahy)
17. Paddy Murray's (Danny Leahy)
    This was originally Tom Roche's and now it's Eily McGrath's – it was bought by Martin (Martin Harty – a huncail) (Danny Leahy)
18. Páirc Fhloinn (Danny Leahy)
    There are Flynn's living in this area. (Danny Leahy)
19. The Paddock (Danny Leahy)
    This field belongs to Betty Coughlan (Danny Leahy)
20. Connor's Field (Danny Leahy)
    It belonged to Connors (Danny Leahy)

Is le Danny Leahy cuid mhór de pháirceanna na mbailte fearainn seo ach níl ainmneacha ag baint leis an gcuid eile acu, mar sin níl siad marcáilte ar an mapa agam. Tá páirceanna ag Paddy Daly i mbaile fearainn Mhóin Otraigh Láir chomh maith:

21. The Boreen Field (Paddy Daly)
    There was a boreen going up there (Paddy Daly)
22. Páirc Geata (Paddy Daly)
23. The Lios (Paddy Daly)
    This is still there – a hole in the ground (Paddy Daly)
24. The Singeáns (Paddy Daly)
    Tá an focal "síneán" ag Dinneen: "a square case or trunk of straw, a basket chimney, or bin or scuttle…" (Dinneen, 1979: 1031). Tá, leis, an focal "soinneán" sa chiall "a blast, a blow; soinneán (sidhe) gaoithe, an onrush of wind…" (Ibid 1083)

Tá a thuilleadh páirceanna ag Paddy Daly ach tá siad i mbaile fearainn Mhorgáiste, áit nach bhfuil á clúdach agam san alt seo.

I mbaile fearainn darb ainm Ballysallagh (An Baile Salach) tá an-chuid talún ag Matt Cunningham (tá an mapa bunaithe ar na mapaí SO 38 agus 40). Seo hiad na hainmneacha a thug sé dom:

1. Páirc na Géanna (Matt Cunningham)
   This is the field of the geese. (Matt Cunningham)
2. Small Field (Matt Cunningham)
3. 8 Acre (Matt Cunningham)
4. Hill Field (Matt Cunningham)
5. Cross Field (Matt Cunningham)
6. 10 Acre Field (Matt Cunningham)
7. Whelan's Farm (Matt Cunningham)
8. Sands (Matt Cunningham)

Tá na seanchlaíocha leagtha ag Matt Cunningham agus páirceanna móra déanta as na páirceanna beaga.

Cúrsaí Iascaireachta i Móin Otraigh:

Labhair mé le hiascaire darb ainm John Cashman, duine a chaith a shaol i Móin Otraigh Thoir – an Góilín a thugtar ar an áit darb as é agus Carty's Cove a thugtar ar an áit máguaird. Bhí tigh beag cóngarach don trá ag a mhuintir – *coastguard cottages* ab ea na ceithre thigh sin atá ann i gcónaí. An Góilín a thugtar ar an dtrá amháin ansin. Trá bheag chloch go mbíonn báid ar ancaire ann nó tugtha suas ar an dtrá i gcaitheamh an gheimhridh.

Agus John Cashman ag tabhairt faoi ainmneacha na háite a thabhairt dom thosnaigh sé leis an dtaobh iartharach den mhapa agus mharcáil sé na leapacha ancaire, nó "beart(4)" agus "beartanna" atá ag Ó Dónaill (Ó Dónaill, 1977: 100). "Berths" a thug John Cashman féin orthu agus is ins na háiteanna seo a bhídís ag iascaireacht bradán. Is iad na leapacha sin ná: Power's, The Barracks (bhí seanbheairic ann tráth), Kennedy's, Gap in the Wall, End of the Wall (bádh The Earl (long) anseo fadó), The Top of the Point, The Scour (déarfainn gur sceabh na Gaeilge atá anseo – fán atá ann agus bheadh air a bheith clúdaithe ag an dtaoide sula mbeifí in ann na líonta a chur amach), The Cúl, The Corner, The Stake (stáice stáin a bhí ann), The Rock (nuair a bhí lagtrá ann théidís ag iascaireacht ann). Bhíodh John Cashman agus na hiascairí eile céad slat amach san uisce ag na pointí seo agus líonta acu ag iascach.

An chéad phointe eile a mharcáil John Cashman ná Easter Point, East Point atá ar an mapa SO. Ina dhiaidh sin tá Mangan's Bay (Glen Beg a ghlaoigh Declan Clarke ar an áit seo ach toisc gur Mangan's Bay atá ar an mapa dúirt sé gurb amhlaidh a bhí an ceann sin "ceart". Tá an t-ainm Gleann Beag ag Patrick Power leis, ámh (Power, 1907: 90). Tá Blackball Head ann roimh Calisso Bay áit go raibh leaba iascaire eile ag na hiascairí. Tá na Easter agus Western Buoys ann chun cabhrú le longa agus le báid agus tá an t-ainm Blackball orthu siúd chomh maith. Is dócha gur leathanaigh ainm na gcarraigeacha amach chun na "carraigeacha" seo a chlúdach chomh maith. Ina dhiaidh sin tá trá bheag darb ainm Seán's Strand. Tá an t-ainm sin air toisc go raibh talamh ag Seán Walsh díreach os a cionn, Barr na Rinne a ghlaotar ar an dtalamh seo. Tá Pigeon's Cave ann ina dhiaidh sin agus Cabin Point áit inar deineadh scrios ar bhád, tógadh bothán anseo chun súil a choimeád ar an long agus b'fhéidir ar aon robáil a bhí á déanamh uirthi. Is é an bothán seo a thugann an t-ainm don áit – Cabin

Point. Ina dhiaidh sin tá poll ag dul tríd an gcarraig. Chuir saighdiúr a bhí ag éalú ó Arm na Breataine a éide i bhfolach ann ionas nach dtiocfaí air. Carty a ainm féin dar le John Cashman. Carty's Cove a tugadh ar an áit ina dhiaidh sin nó an Góilín mar a ghlaomar féin ar an áit riamh.

San áit seo is mór an fhadhb creimeadh an chósta. Bhí tigh ag muintir Bhyron anseo tráth atá imithe leis an bhfaill anois. Carraig Dubh an chéad ainm eile agus tá sé sin ar an mapa SO agus i mbéal na ndaoine i gcónaí dar le John Cashman (tá an séimhiú ar an aidiacht imithe as an gcaint faoin am seo). Gabhann na hainmneacha seo leis an mapa atá bunaithe ar na mapaí SO 37, 38 agus 40, 6" (íslíthe 70%) :

1. Power's (John Cashman)
2. The Barracks (John Cashman)
3. Kennedy's (John Cashman)
4. Gap in the Wall (John Cashman)
5. End of the Wall (John Cashman)
6. The Top of the Point (John Cashman)
7. The Scour / Sceabh (John Cashman)
8. The Cúl (John Cashman)
9. The Corner (John Cashman)
10. The Stake (John Cashman)
11. The Rock (John Cashman)
12. Easter Point (John Cashman)
13. Mangan's Bay / Gleann Beag (John Cashman)
14. Blackball Head (John Cashman)
15. Calisso Bay (John Cashman)
16. Easter and Western Buoys (John Cashman)
17. Seán's Strand (John Cashman)
18. Barr na Rinne (John Cashman)
19. Pigeon's Cave (John Cashman)
20. Cabin Point (John Cashman)
21. Hole (John Cashman)
22. Carty's Cove / Góilín (John Cashman)
23. Byron house (John Cashman)
24. Carraig Dubh (John Cashman)

Tá tobar beannaithe i Móin Otraigh Thoir darb ainm St. Ita's Well – Tobar Naomh Udhachta. Is é Willie Roche an fear a thugann aire don tobar seo, fear atá ina chónaí taobh leis le thart ar seachtó bliain. Seo mar a deir James Dunphy i dtaobh an tobair seo sa leabhar *St. Ita – The Forgotten Princess*:

> The well…has been known for its cures, especially for the ailments of children and the elderly. Children with illness were sent to the well for nine days in succession to pray. The recommended prayers are the Hail Mary and Gloria to be recited five times and then a drink to be taken of the pure and clear water of the well…
>
> Declan and Ita would meet here and a large crowd would gather to hear and see those two great preachers at this lovely spot near the sea. Declan would arrive by boat with two holy men, while Ita would come on horseback, accompanied by men to guard her, as her life was always in danger from the Wicked Prince. (Dunphy, 2006: 53-54)

Is minic a fuaireamar deoch ón dtobar seo agus sinn óg. Tá sé ann i gcónaí agus bíonn sruth láidir as sa samhradh chomh maith céanna leis an ngeimhreadh. Tá an cuntas seo le fáil sa leabhar *Archaeological Inventory of County Waterford* ar an dtobar:

> OS 40:1:4 (26,501) 'Tobar Udhachta'…
> *Holy well* On a severe E-facing slope overlooking Whiting Bay. Known as 'St. Uchta's or St. Ita's Well' which was formerly venerated (OS Name Books). The well opens-out under rock outcrop as a recess…defined by a masonry wall. It is still maintained but there is no pattern. (Moore, 1999: 203)

Mar a dúirt John Cashman is é Carty's Cove a ghlaotar ar an gcuid seo de Mhóin Otraigh, The Guileen, an Góilín, a ghlaotar ar an trá. D'inis Willie Roche scéal dom mar gheall ar na daoine seo gurbh é McCarthy an t-ainm ceart a bhí orthu. B'é John McCarthy a d'fhág Móin Otraigh sa bhliain 1871 agus a thug aghaidh ar dtús ar Albain agus a chuaigh ar bord an "Wild Deer", long a thug go Nua-Shéalainn é mar "assisted immigrant". Chuaigh a dheartháir David agus a dheirfiúr Bridget in éineacht leis. Bhí an méid sin scríofa ar chóip de cháipéis phearsanta a fuair Willie Roche ó mhuintir McCarthy féin a tháinig ar cuairt cúpla bliain ó shin go dtí Carty's Cove agus a thug roinnt eolais breise do Willie Roche mar gheall ar an gclann ó d'fhág siad an áit. Le linn an Chéad Chogadh Domhanda d'éalaigh John McCarthy ó Arm na Breataine agus thug sé aghaidh ar Mhóin Otraigh, áit a d'fhan sé go dtí gur tháinig deireadh leis an gcogadh. Is eisean a chuir an éide airm i bhfolach i bpoll sna clocha ar an dtrá gur inis John Cashman scéal faoi. Agus is i ndiaidh na ndaoine seo a tugadh an t-ainm Carty's Cove ar an áit.

Coastguard Cottages a ghlaotar ar na ceithre thigh a thóg na Sasanaigh dosna gardaí cósta a bhíodh ag obair in Carty's Cove, ag faire amach do lucht smuglálaithe. Dar le Willie Roche:

> They were English people. There was one officer and three seamen. They wore a navy uniform and had families in the school. (Comhrá, An Cháisc, 2007)

I ndiaidh bhunú an Stáit fuair muintir na háite seilbh ar na tithe seo agus is i gceann acu a rugadh agus a tógadh John Cashman thuas.

Tá an mapa SO 40, 6" de Mhóin Otraigh Thoir méadaithe faoi 141% agam agus is iad seo na hainmneacha a ghabhann leis:

1. Tobar Udhachta SO – Ita's Well (Willie Roche)
2. Coastguard Cottages (Willie Roche)
3. Góilín (an trá féin) / Guileen SO – Carty's Cove a thugtar ar an áit mórthimpeall ar an nGóilín (Willie Roche)

Bóithre

Tá ainmneacha páirceanna an-tábhachtach nuair a bhíonn logainmneacha na tuaithe á bplé. I gcás Mhóin Otraigh bhí mé ag brath ar ainmneacha na bpáirceanna ar fad nach mór. Is corrainm bhóthair atá ann. Tá an mapa bunaithe ar na mapaí SO 37, 38 agus 40 (íslithe 70%). Ag tosnú i bProspect Hall tá na cinn seo ann:

1. The Black Road (Paddy Daly)
   An reilig b'fhéidir is cúis leis an ainm seo. Téann sé sin thar Woodbine Hill an teach mór atá ag muintir Roch-Perks ansin tagann tú go crosbhóthar.
2. The Glen (Paddy Daly)
   Má chasann tú ar dheis ag an gcrosbhóthar rachaidh tú isteach san áit go nglaotar The Glen air – áit ina bhfuil seanscoil Phrotastúnach atá athchóirithe anois mar thigh álainn. Ansin tagann tú go crosbhóthar eile.
3. Cunningham's Cross (Paddy Daly)
   Is crosbhóthar Cunningham's Cross, ainmnithe i ndiaidh mhuintir Chunningham go bhfuil muclach acu an-chóngarach don chrosbhóthar.
4. "Coming up by Liam Hallahan's" (Chuala mé féin é seo)
   Ag dul ar aghaidh ón áit seo tá bóthar nach bhfuil aon ainm air – is mar seo a thagraítear dó: "coming up by Liam Hallahan's".
5. "Past Clarkes" (Chuala mé féin é seo)

Téann tú thar fheirm mhuintir Chonnolly agus is féidir an fharraige a fheiscint ansin. Tá feirm mhuintir Harty thuas ar an gcnoc agus The rookery ar thaobh do láimhe deise.

6. The Rookery (Bobby Connery)

Casann an bóthar síos don trá ansin.

7. "The road down to the strand" (Chuala mé féin é seo)
   Is é an trá sin Inis Uí Fhlaithbeartaigh nó Calisso Bay.

Ag an gcéad gcrosbhóthar thuas dá leanfá díreach ar aghaidh rachfá suas Woodbine Hill (glaotar Woodbine Hill ar an mbóthar seo chomh maith) agus isteach i mbaile fearainn nach bhfuil clúdaithe agam sa tráchtas seo, s'é sin Mortgage (Morgáiste) áit go raibh Peaits Moylan ina chónaí tráth agus atá cóngarach don Ghléib nó Bansa a phléifidh mé ar ball.

8. Woodbine Hill (Peaits Moylan nach maireann)

Dá gcasfá ar thaobh do láimhe clé ag Cunningham's Cross shroichfeá An Góilín (Gaibhlín a deirtear) / Carty's Cove agus tigh Willie Roche.

9. The High Road
   Sin a ghlaoimís féin ar an mbóthar seo agus sinn óg
10. The Ferry Point Road (Jean Ryan)

An dá Ghléib:

Dar leis na hainmleabhair bhain dhá ghléib leis an áit go nglaomid féin Monatrea air. Baile fearainn ab ea ceann díobh atá le feiscint ar an mapa SO 6" (3ú eagrán, 1926) - Glebe an t-ainm atá air. Ní hé sin an t-ainm a d'úsáidtí le linn do John Cashman thuas a bheith óg don pháirc áirithe seo ach Bansa. Áit nach raibh an t-áth

ag baint leis ab ea é dar leis an bpobal. Níor éirigh le héinne gur leo an pháirc sin riamh. Ní raibh a fhios ag John Cashman cad ba bhrí leis an bhfocal "bansa" ach tháinig mé ar thagairt den bhfocal seo ag Patrick Power. Is ag caint faoi Dizerte (Paróiste Gort Ruadh, Gortroe, Barúntacht an Bharraigh Mhóir) atá sé anseo:

> The Church Field, An Bannsa ("The Manse or Glebe") (Power, 1923: 172)

Tá an focal "bansa" ag Tomás de Bhaldraithe le haghaidh "manse" (De Bhaldraithe, 1959: 435). B'fhéidir gurb é an focal "báinseach" is brí leis go bunúsach, is é sin "green" nó "lawn" (Ó Dónaill, 1977: 80). Is le Paddy Daly an ghléib seo anois. Cheannaigh a athair an áit seo na blianta ó shin.

Trasna an bhóthair uainn féin i Prospect Hall tá seanséipéal gur thrácht mé air cheana. Bhí gléib ag baint leis an séipéal seo freisin. Dar leis na hainmleabhair ba bhaile fearainn an ghléib seo freisin. Seo an cur síos atá air seo sna hainmleabhair:

> It is all under a graveyard. The Parish Church is in it and is built on a small eminence a little to East of road from Youghal to Ardmore. It is a neat modern edifice with a spire at west end and was erected by a gift of £600 from the Board of First Fruits in 1821.

Níl an séipéal chomh seanda sin ar fad mar sin cé gur fothrach anois é. Ní baile fearainn é a thuilleadh, nílim cinnte gur bhaile fearainn a bhí ann riamh i ndáiríre, ach cuid de Phrospect Hall. Tá fianaise faighte agam le déanaí a threisíonn an tuairim seo. Ar mhapa dar teideal *A District Sketch Map of the Parish of Kinsalebeg* (16 March 1840) de chuid an tSuirbhé Ordanáis go bhfuil fáil air sa Chartlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, tá nóta scríofa ar an mapa:

> The Glebe marked A is to be included in the
> Townland of Prospecthall.
> The Glebe marked B is to be considered
> as a distinct Townland. (mapa 1840, 3.4942 – Cartlann Náisiúnta)

[Luaitear A leis an ngléib trasna an bhóthair uainn i mbaile fearainn Prospect Hall agus luaitear B leis an áit go nglaonn John Cashman Bansa air.]

Ainmneacha Fánacha:

Ainm amháin atá le feiscint ar an Waterford Grand Jury Map (1819) nach bhfuil le feiscint ar aon mhapa eile atá feicthe agam ná Snogboro. Tá sé suite i mbaile fearainn Mhóin Otraigh Thiar de réir an mhapa sin. Tá an t-ainm "Snugborough" ag Patrick Power sa leabhar *The Place-Names of Decies*. Baile fearainn is ea Snugborough i bparóiste Kilwatermoy (Cill Uachtar Maí – Brainse na Logainmneacha, 1991: 2):

> SNUGBOROUGH, Baile na mBodach – "Churls' Homestead"; called colloquially by English speakers – Ballymuddy. (Power, 1907: 12)

Tá cuma an Bhéarla ar an ainm Snogboro chomh maith. Is deacair a rá an bhfuil an Ghaeilge chéanna laistiar den ainm seo i gcás Mhóin Otraigh agus atá i gcás Kilwatermoy. Níor chuala mé riamh an t-ainm seo á lua le Móin Otraigh.

Táimid fós bainteach le Móin Otraigh agus beidh go deo is dócha. Is geall le baile eile againn an áit seo. Baineann Móin Otraigh le laethanta m'óige féin agus le hóige mo mháthar chomh maith. Is ait an rud é ach cuireann duine aithne nua ar áit nuair a dhéanann sé staidéar ar logainmneacha na háite sin. Teastaíonn uaim buíochas a ghabháil leis na daoine go léir a chabhraigh liom sa taighde seo. Gan amhras is rud suibíochtúil an logainmníocht agus is minic a bhíonn cuimhní cinn daoine ag teacht trasna ar a chéile. Ní locht é seo ar an disciplín ach cuireann sé le saibhreas ár n-eolais ar áiteanna.

Liosta Leabhar

Book of Survey and Distribution Co. Waterford and Kerry, Mic 532/reel 2, .1854/1/2 [SM21/reel2] Public Record Office of Northern Ireland (cóip i Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh).

Breatnach, R.B., *The Irish of Ring, Co. Waterford*, The Dublin Institute for Advanced Studies (Dublin, 1947).

Caulfield, Richard, *The Council Book of the Corporation of Youghal* (Cork, 1879).

Decies 1991, No. 44, Old Waterford Society.

Dunphy, James, *St. Ita – The Forgotten Princess*, Trafford Publishing (Oxford, 2006).

Eolaí An Phoist, Vol. I, Stationary Office (Baile Átha Cliath, 1969).

Gasaitéar na hÉireann, An Brainse Logainmneacha, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Baile Átha Cliath, 2007).

General Alphabetical Index of the Townlands and Towns, Parishes and Baronies of Ireland. (Based on the Census of Ireland for the year 1851), Genealogical Publishing Co., Inc. Baltimore, Md. (USA, 1997).

Hackett, Mike, *Discover Youghal – a heritage town*, Carraig Print, Carrigtwohill (Co. Cork, 2005).

Hogan, Edmund, *Onomasticon Goedelicum*, Hodges, Figgis and Co. Ltd. (Dublin, 1910).

Irish Patent Rolls of James I, (Facsimile of the Irish Record Commission's Calendar prepared prior to 1830), with a foreward by M.C. Griffith, Stationery Office for the Irish Manuscripts Commission, (Dublin, 1966).

Jones Hughes, T, "Town and Baile in Irish Place-Names," in *Irish Geographical Studies* (1970).

Joyce, P.W., *The Origin and History of Irish Names of Places* Vol. I, The Educational Company of Ireland (Dublin, 1873).

The Origin and History of Irish Names of Places Vol. III, The Educational Company of Ireland (Dublin, 1913).

Lewis, Samuel, *A Topographical Dictionary of Ireland*, Vol I & II, Kennikat Press (London, 1970) (1837 Vol I; 1839 Vol II).

Liostaí Logainmneacha – Contae Phort Láirge – County Waterford, Brainse Logainmneacha, Oifig an tSoláthair (Baile Átha Cliath, 1991).

Lucey, Nóirín, *Placename studies with special reference to the Barony of Decies within Drum*, Co. Waterford, 1991, BA dissertation, The Geography Department, University College Cork.

Mac Aodha, B.S., "Ainmneacha na nGarraithe: a nádúr agus a dtábhacht", *Dinnseanchas* Iml. VI/Uimh. 3, Meitheamh 1975.

"Ainmneacha Bhailte Phort Láirge ar na Léarscáileanna, 1573-1864" in *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society*, Vol. XCI, No. 250, January-December 1986, pp. 63-67.

Mac Gréagóir, Airt, *Stair na nDéise*, 1938 Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais (Baile Átha Cliath, 1938).

Moore, Michael, *Archaeological Inventory of County Waterford*, Stationery Office (Dublin, 1999).

O'Connor, P.J., *Atlas of Irish Place-Names*, Litho Press, (Midleton, Co. Cork, 2001).

Ó Foghludha, Risteard, *Log-Ainmneacha*, Brún agus Ó Nualláin (Loch Garman, 1935).

Pender, Seán (ed.), *A Census of Ireland – Circa 1659*, (Introduction by William J. Smyth), Irish Manuscripts Commission, (Dublin, 2002).

Power, Rev. Patrick, "The Ancient Ruined Churches of Co. Waterford," in *Journal of the Waterford and South East of Ireland Archaeological Society*, Vol. IV, No. 18 (1898), Fourth Quarter Oct.-Dec. (pp. 195-220).

The Place-Names of Decies, David Nutt, (London, 1907).

Parochial History of Waterford and Lismore, N. Harvey and Co.(Waterford, 1912).

Simington, R. C., *The Civil Survey Ad. 1654-1656*, County of Waterford Vol. VI, The Stationary Office (Dublin, 1942).

Smith, Charles, *Ancient and the Present State of the County and City of Waterford*, Mercier Press (Cork, 1969).

The Irish Fiants of the Tudor Sovereigns, Vol. I and Vol. II, Edmund Burke Publisher (Dublin, 1994).

Uí Fhoghlú, Áine, "An Rinn – Déise na Mumhan", in *Pobal na Gaeltachta, A Scéal agus a Dhán*, An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, An Dr. Liam Lillis ó Laoire, An Dr. Seán Ua Súilleabháin (eag.), Cló Iar-Chonnachta (Conamara, 2000).

Walsh, John, *Díchoimisiúnú Teanga – Coimisiún na Gaeltachta 1926*, Cois Life (Baile Átha Cliath, 2002).